Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**11279/26**

**COHAFA 59**
**ALIM 3**
**FIN 986**
**COJUR 36**
**DEVGEN 118**
**GENDER 150**
**RELEX 927**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Meitheamh 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10620/26 + ADD 1 |
| Ábhar: | Ráiteas 2026 ón Aontas um Phrionsabail Dhaonnúla<br>- Ráiteas thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas 2026 ón Aontas maidir le Prionsabail Dhaonnúla, mar a d'fhormheas an Chomhairle é ag an 4188ú cruinniú a bhí aici an 29 Meitheamh 2026.

# PRIONSABAIL DHAONNÚLA AN AONTAIS, 2026
# RÁITEAS
# THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH AGUS A BHALLSTÁT

Athdhearbhaímidne, an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ár dtiomantas láidir gníomhaíocht dhaonnúil phrionsabálta a dhéanamh atá bunaithe ar riachtanais, tráth a leanann riachtanais dhaonnúla de bheith ag méadú ar fud an domhain, agus na hacmhainní atá ar fáil fós faoi bhrú méadaitheach. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit go bhfuil rún daingean acu leanúint de bheith ar na deontóirí daonnúla is mó, is intuartha agus is iontaofa ar domhan faoi chur chuige Fhoireann na hEorpa. Cuirimid i dtreis freisin gur gá freagairt ní hamháin ar an mbearna chistiúcháin, ach ar an ngéarchéim dlisteanachta atá ann faoi láthair chomh maith, agus a bhfuil tionchar aici ar an gcóras daonnúil, trí phrionsabail dhaonnúla agus an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a chosaint go comhleanúnach agus ar bhonn prionsabal i ngach comhthéacs.

Athdhearbhaímid go dtacaímid le córas daonnúil atá bunaithe ar cheithre phrionsabal dhaonnúla **na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais**, agus **an chosaint** ina chroílár. Cuirimid i dtreis a thábhachtaí atá sé dínit, sábháilteacht agus cearta daoine atá buailte ag an ngéarchéim a chosaint, go háirithe mná, cailíní, leanaí, lucht LADTI, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, agus daoine eile atá i mbaol a bheith thíos le hidirdhealú. Cáinimid ionsaithe ar oibrithe daonnúla agus leighis, agus athdhearbhaímid an oibleagáid atá ar na páirtithe uile i gcoinbhleachtaí an **Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta** a chomhlíonadh go hiomlán. Iarraimid go mbeadh rochtain dhaonnúil thráthúil shábháilte agus gan bhac ar phobail atá i ngátar agus athdhearbhaímid a thábhachtaí atá sé cosc a chur ar ghníomhaíocht dhaonnúil a pholaitiú. Athdhearbhaímid go bhfuilimid réidh le húsáid a bhaint as na huirlisí ábhartha taidhleoireachta daonnúla agus abhcóideachta uile chun tacú leis sin.

Leagaimid béim ar an tacaíocht leanúnach a thugaimid do thosaíochtaí téamacha comhroinnte, lena n-áirítear **sibhialtaigh agus oibrithe cabhrach a chosaint, an tslándáil bia agus an cothú, an tsláinte**, lena n-áirítear **tacaíocht mheabhairshláinte** agus **shíceasóisialta**, **an t-oideachas i gcásanna éigeandála, dídean, uisce agus an tsláintíocht, leochaileacht a chosc agus a laghdú, oiriúnú don athrú aeráide agus laghdú rioscaí tubaiste, réamhghníomhaíocht, comhionannas inscne**, agus cur chun feidhme neartaithe a**n naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin, lena n-áirítear an dímhianú daonnúil mar réamhchoinníoll don téarnamh luath a aithnítear go forleathan.** Athdhearbhaímid freisin a thábhachtaí atá sé **freagairtí faoi stiúir áitiúil**, comhpháirtíochtaí cothroma agus tacaíocht dhíreach do ghníomhaithe áitiúla agus náisiúnta a chur chun cinn, chomh maith lena rannpháirtíocht fhóinteach sa chinnteoireacht dhaonnúil agus sa seachadadh daonnúil.

Athdhearbhaímid ár dtacaíocht don **Athshocrú Daonnúil** leanúnach faoi cheannaireacht Chomhordaitheoir Fóirithinte Éigeandálaí na Náisiún Aontaithe agus cuirimid i bhfios go láidir an gá atá le hathchóirithe nithiúla chuimsitheacha faoi cheangal ama, lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht, lena méadaítear tionchar, lena laghdaítear dúbláil, lena gcumasaítear frithpháirtiú agus cuíchóiriú agus lena neartaítear tosaíocht chomhchoiteann agus cuntasacht chomhchoiteann. Iarraimid ar chóras na Náisiún Aontaithe leanúint de struchtúir chomhordúcháin a chuíchóiriú, lena n-áirítear maidir leis an slabhra soláthair daonnúil, Comhordaitheoirí Cónaitheacha agus Daonnúla a chumhachtú, ceannaireacht áitiúil a threisiú agus a áirithiú go leanfaidh an ghníomhaíocht dhaonnúil de bheith bunaithe go daingean ar riachtanais, prionsabálta agus neamhpholaitithe.

Cuireann an tAontas agus a Bhallstáit i dtreis a thuilleadh a thábhachtaí atá **cistiú ardcháilíochta**, lena n-áirítear maoiniú solúbtha ilbhliantúil, chun freagairtí daonnúla éifeachtacha a chumasú atá oiriúnaithe do ghéarchéimeanna atá ag éirí níos fadtréimhsí agus níos casta. Áirítear leis sin tacaíocht mhéadaithe do shásraí solúbtha, amhail cistí comhthiomsaithe daonnúla, chomh maith le príomhchistiú intuartha do ghníomhaireachtaí daonnúla agus cistiú do chumasóirí daonnúla riachtanacha. Molaimid do chomhpháirtithe daonnúla leanúint d'fheabhas a chur ar éifeachtúlacht, ar nuálaíocht agus ar chomhlántacht níos fearr idir gníomhaithe daonnúla agus deontóirí agus cáilíocht agus cineál prionsabálta na cabhrach daonnúla á gcaomhnú ag an am céanna.

Á mheabhrú dúinn Conclúidí 2023 ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil, ina n-athdhearbhaítear tiomantas comhchoiteann an Aontais 0.7 % ar a laghad de OIN comhchoiteann a chur ar fáil mar ODA faoi 2030, agus inar moladh do na Ballstáit chomh maith a áirithiú go ndíreofar sciar iomchuí, mar shampla 10 %, dá ODA ar ghníomhaíocht dhaonnúil, athdhearbhaímid go bhfuil géarghá le bonn domhanda na ndeontóirí a leathnú agus a éagsúlú agus iarraimid ar dheontóirí eile, lena n-áirítear geilleagair atá ag teacht chun cinn, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, an earnáil phríobháideach agus gníomhaithe daonchairdiúla, dlús a chur lena rannpháirtíocht agus rannchuidiú ar bhealach níos substaintiúla le hiarrachtaí daonnúla, lena n-áirítear i ngéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad nó ar beag an t-airgead atá ar fáil dóibh, chun cistiú marthanach solúbtha a áirithiú don chobhsaíocht agus don rannpháirtíocht i stáit leochaileacha atá thíos le héigeandálaí daonnúla. Iarraimid go dtabharfaí aird níos mó ar chúrsaí mar atá, go ndéanfaí cistiú a leithdháileadh go cothrom agus go mbeadh rannpháirtíocht leanúnach ann chun a áirithiú nach bhfágfar aon phobal atá i ngátar ar lár.

Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí idirphlé leanúnach agus gníomhaíocht chomhordaithe a dhéanamh leis na Náisiúin Aontaithe, le Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, le heagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla agus idirnáisiúnta agus leis na comhpháirtithe daonnúla uile chun a áirithiú go leanfaidh an córas daonnúil de bheith oiriúnach dá fheidhm agus go mbeidh sé in ann freagairt go héifeachtach ar riachtanais dhaonnúla dhomhanda atá ag dul i méid.